# Tuarascáil 2022 maidir le Treochtaí Tomhaltóirí – Achoimre Feidhmiúcháin agus Teasléaráid

*Treoracha láimhseála le haghaidh doiciméid a bhfuil marcálacha slándála orthu:*
*https://www.eiopa.europa.eu/sites/default/files/publications/other_documents/summary_eiopa_information.pdf*

European Insurance and Occupational Pensions Authority

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

**Le blianta beaga anuas, cuireadh níos mó béime ar a áirithiú go gcuidíonn an earnáil airgeadais le sláinte airgeadais na dtomhaltóirí[1] a fheabhsú.** I bhfianaise an tsuaite atá ann faoi láthair (i.e. paindéim COVID-19, an méadú ar mhinicíocht na dtubaistí nádúrtha, ionradh na Rúise ar an Úcráin, an ghéarchéim maidir le costas maireachtála), is tosaíocht atá ag éirí níos tábhachtaí é sin. Cé gur léirigh formhór na n-údarás inniúil náisiúnta go bhfuil feabhas tagtha ar shláinte airgeadais mar thoradh ar cheanglais rialála nua in éineacht le tionscnaimh atá curtha i bhfeidhm ag earnáil an árachais agus na bpinsean, tá méadú ag teacht ar na hábhair imní atá ann.

**Ó mhí an Mheithimh 2022 ar aghaidh, bhí rochtain ar tháirgí árachais agus pinsean fós íseal.** De réir shuirbhé Eorabharaiméadair de chuid ÚEÁPC, níl aon táirgí coigiltis, lena n-áirítear táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (IBIPanna) agus pinsean, ag os cionn aon trian de thomhaltóirí na hEorpa.  Mar gheall ar an rochtain theoranta ar tháirgí coigiltis agus ar bhearnaí tábhachtacha pinsean, níl muinín ag os cionn 50 % de thomhaltóirí na hEorpa go mbeadh dóthain airgid acu chun maireachtáil go compordach le linn a dtréimhse scoir. Anuas air sin, cé go bhfuil céatadán na dtomhaltóirí nach bhfuil táirge árachais acu i bhfad níos ísle (8 %), tá sé sin á thiomáint ag mótarárachas (58 %) – rud atá éigeantach i ngach Ballstát – agus árachas teaghlaigh (63 %) toisc go bhfuil rochtain ar tháirgí eile fós íseal.

**Tá tionchar díreach ag an suaitheadh atá ann faoi láthair ar shláinte airgeadais tomhaltóirí agus FBManna[2] agus tá tionchar diúltach ag an timpeallacht mhaicreacnamaíoch ar shláinte airgeadais an dá ghrúpa sin, ach tá roinnt deiseanna á gcur ar fáil de dheasca an digitithe.** Tá tionchar ag na treochtaí maicreacnamaíocha atá ann faoi láthair ar thomhaltóirí, agus go mór mór ar ghrúpaí leochaileacha. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh tomhaltóirí moill ar cheannach an chumhdaigh árachais is gá, go mbeadh deacrachtaí acu cloí le gnáthíocaíochtaí préimhe, nó go roghnóidís stop a chur go sealadach lena ranníocaíochtaí le scéimeanna deonacha pinsin. Go deimhin, is iad inacmhainneacht agus srianta buiséadacha na príomhchúiseanna nach gceannaíonn ná nach ndéanann 19 % de thomhaltóirí na hEorpa árachas a cheannach ná a athnuachan. Tá tionchar ag boilsciú méadaithe freisin ar thorthaí réadacha do thomhaltóirí, rud a laghdóidh ioncam indiúscartha amach anseo. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh rochtain mhéadaithe ar tháirgí agus ar sheirbhísí árachais agus pinsin, seachadadh níos saoire, agus praghsáil níos fearr a bheith mar thoradh ar dhigitiú leanúnach na n-earnálacha árachais agus pinsin, d'ainneoin an ghá atá ann

[1] Sa tuarascáil seo, tuigtear gurb ionann "tomhaltóirí" agus téarma a chuimsíonn tomhaltóirí, coigilteoirí, comhaltaí agus tairbhithe scéimeanna pinsin. Dá bhrí sin, úsáidtear an téarma sin chun tagairt leathan a dhéanamh do dhaoine a úsáideann nó a bhaineann tairbhe as seirbhísí pinsean agus árachais.
[2] Fiontair bheaga agus mheánmhéide

dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chibear-rioscaí agus ar chleachtais praghsála idirdhealaitheacha fhéideartha.

**Tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go dtugtar bunús le héilimh inbhuanaitheachta chun caillteanas muiníne agus tionchar sochaíoch níos leithne a sheachaint chun cur le sláinte airgeadais na dtomhaltóirí agus na sochaí.** Tá méadú tagtha ar an dúil atá ag tomhaltóirí as IBIPanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus as táirgí pinsin. Chun freastal ar an méadú sin ar éileamh, tá a dtairiscintí curtha in oiriúint ag soláthraithe árachais agus pinsin. Cé gur díol sásaimh é sin, agus 25 % de thomhaltóirí an Aontais ag rá gur chuala siad faoi tháirgí árachais inbhuanaithe nó “glasa”, tagann saincheisteanna chun cinn nuair a bhíonn éilimh ó sholáthraithe a bhaineann le hinbhuanaitheacht míthreorach nó gan bhunús. Sainaithníodh fianaise maidir le snas glas i roinnt Ballstát, agus tá sé beartaithe ag 58 % de na húdaráis inniúla náisiúnta tuairiscithe gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh chun dul i ngleic leis an snas glas.

**Is féidir le próisis leordhóthanacha deartha agus dáilte táirgí atá dírithe ar an tomhaltóir cur go mór le sláinte airgeadais na dtomhaltóirí**, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar GWP árachais saoil (14 % fás bliain ar bhliain in LEE in 2021). Tá tugtha faoi deara ag na húdaráis inniúla náisiúnta forbairtí dearfacha i ndearadh táirgí, i ndáileadh táirgí agus i bpróiseas faireacháin agus athbhreithnithe táirgí. Mar sin féin, tá cásanna de dhrochdhearadh táirgí agus imní fós ann maidir le táirgí áirithe aonadnascthaa thugann drochluach ar airgead. Thairis sin, tá rioscaí a bhaineann le droch-chomhairle nó le comhairle neamhleor agus le coinbhleachtaí leasa fós ina réimse fócais do na húdaráis inniúla náisiúnta, agus tá sé tuairiscithe ag 12 acu gur riosca tábhachtach ina margadh é mídhíol táirgí aonadnasctha.

**Mar thoradh ar an méadú ar theagmhais shistéamacha[3], tá méadú tagtha ar rioscaí neamh-inárachais agus/nó ar rioscaí nach féidir a árachú ach ar phraghsanna arda a mbíonn tionchar acu ar shláinte airgeadais tomhaltóirí agus FBManna. Mar thoradh ar easpa soiléire ó thaobh téarmaí agus coinníollacha de, bíonn tuilleadh dochair don tomhaltóir i gceist nuair a thagann teagmhais shistéamacha chun cinn.** Le cumhdach árachais leordhóthanach iomchuí is féidir tomhaltóirí agus FBManna a chúiteamh i gcás ina dtiocfaidh suaitheadh chun cinn. Mar sin féin, tá bearnaí tábhachtacha cosanta ann. Mar shampla, ní chumhdaítear ach leath de thomhaltóirí agus de FBManna i gcás imeacht NatCat, agus ní raibh aon chlúdach cibear-riosca ag 69 % de FBManna. Thairis sin, tá an easpa soiléire atá le brath i dtaobh téarmaí agus coinníollacha, go háirithe maidir le heisiaimh, fós ina saincheist agus bíonn sí sin ina cúis le tuilleadh dochair do thomhaltóirí agus do FBManna nuair a thagann teagmhais shistéamacha chun cinn.


**Tríd is tríd, cé go bhfuil margaí pinsin na hEorpa an-éagsúil, is mórthreocht í an bhearna coigilte pinsean ar fud fhormhór na mBallstát.** B’ionann an cumhdach foriomlán measta trí IORPanna

[3] Ráiteas maoirseachta maidir le heisiaimh i dtáirgí árachais a bhaineann le rioscaí a eascraíonn as teagmhais shistéamacha | Eiopa (europa.eu)

cláraithe san Eoraip agus 13.9 % in 2021, méadú 1.1 % ón mbliain roimhe sin. Leis an aistriú leanúnach i dtreo scéimeanna DC, tá athstruchtúrú á dhéanamh ar thírdhreach na bpinsean ceirde le sochair fhéideartha (e.g. leibhéil ioncaim níos airde) agus rioscaí féideartha (e.g. rioscaí a aistriú chuig baill). Thairis sin, bíonn tionchar ag difríochtaí leanúnacha ó thaobh sásraí agus cóir rialála ar fhorbairt earnáil na bpinsean ar fud na mBallstát agus bíonn tionchar acu ar a hábharthacht mar fhoinse ioncaim scoir amach anseo. Tagann pinsin i bhfoirmeacha éagsúla agus bíonn tionchar ag raon leathan fachtóirí orthu. Mar thoradh air sin, ní ann d’aon chur chuige a oireann do chách chun dul i ngleic leis na dúshláin sin.

**Tá an digitiú agus an teicneolaíocht ag athrú slabhra luacha na bpinsean de réir a chéile, ag costais níos ísle agus ag feabhsú rannpháirtíocht na gcomhaltaí agus na dtairbhithe lena bpinsin, rud a fhágann go bhfuil feabhas tagtha ar shláinte airgeadais.** Tuairiscíodh go leor tionscnaimh dhigiteacha ar fud mhargaí pinsin an Aontais agus an phaindéim ag feidhmiú mar chatalaíoch do dhigitiú breise ar phróisis éagsúla a bhaineann le pinsin, ós rud é gur mian le comhaltaí idirghníomhú níos mó agus níos mó ar líne. Ina theannta sin, d’fhéadfadh tuilleadh digitithe a bheith ina chúis le spéis a bheith ag na glúnta óga ina bpinsean agus ní fheicfí é mar imeacht i bhfad uathu é, rud a d’fhágfadh go sábhálfaidís níos mó airgid le haghaidh a dtréimhse scoir. Mar sin féin, tá baol ann go n-eisiafar comhaltaí nach bhfuil chomh cumasach céanna ó thaobh na teicneolaíochta de ó phróisis atá ag éirí níos digitithe. Tá saincheisteanna cosanta sonraí agus príobháideachais ann freisin.

# TEASLÉARÁID DE NA PRÍOMHTHORTHAÍ Ó THUARASCÁIL TREOCHTAÍ TOMHALTÓIRÍ 2022




## LÍNE THIONCHAIR

**Tionchar dearfach:** tá tionchar dearfach ag an toradh ar thomhaltóirí.
**Tionchar éadrom:** tá faireachán le déanamh ar an toradh toisc go bhféadfadh tionchar dearfach nó diúltach a bheith aige ar thomhaltóirí.
**Tionchar diúltach:** tá tionchar diúltach ag an toradh ar thomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir mhórdhochair.

## LINE ÁBHARTHACHTA

**Ábharthacht íseal:** tá tionchar ag an toradh ar líon measartha íseal tomhaltóirí.
**Meánábharthacht:** tá tionchar ag an toradh ar líon measartha ard tomhaltóirí.
**Ábharthacht ard:** tá tionchar ag an toradh ar líon ard tomhaltóirí.

## IONCHAS

**Ionchas méadaitheach**: chonacthas an toradh san am atá caite ach tá méadú tagtha ar an minicíocht/ar an bhfianaise.

**Ionchas cobhsaí**: chonacthas an toradh san am atá caite agus níl aon athrú ar an staid ó shin.
**Ionchas laghdaitheach**: cé go bhfuil laghdú ag teacht ar mhinicíocht/ar fhianaise an toraidh, is treocht mhór/cinneadh mór é seo fós.

Léiríonn an teasléaráid déine, ina gcuirtear san áireamh na sonraí a bailíodh don tuarascáil agus don bhreithiúnas maoirseachta ábhartha, torthaí iarbhír a sainaithníodh ar an leibhéal Eorpach; b'fhéidir mar sin nach léiriú cruinn sonrach é ar rioscaí i mBallstáit éagsúla.

## 1. TIMPEALLACHT MHAICREACNAMAÍOCH A MBÍONN TIONCHAR AICI AR SHLÁINTE AIRGEADAIS TOMHALTÓIRÍ

a. Tá tionchar díreach ag an méadú ar bhoilsciú agus ar an gcostas maireachtála ar shláinte airgeadais tomhaltóirí toisc go laghdaíonn sé a n-ioncam indiúscartha, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tomhaltóirí cinntí airgeadais a dhéanamh a mbeadh tionchar acu ar a sláinte airgeadais i gcoitinne.
b. D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag catagóirí áirithe tomhaltóirí, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha, cloí le híocaíochtaí le haghaidh gnáth-tháirgí árachais préimhe, nó d'fhéadfadh sé go roghnódh siad stop a chur go sealadach lena ranníocaíochtaí le scéimeanna deonacha pinsin.
c. D'fhéadfadh sé go gcinnfeadh tomhaltóirí freisin moill a chur ar cheannach táirge árachais a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu, rud a d'fhágfadh go mbeidís níos leochailí agus i mbaol suaití atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.
d. Maidir le hárachas saoil, féadfaidh tomhaltóirí cinneadh a dhéanamh a bpolasaí a thabhairt suas go luath chun níos mó ioncaim a bheith acu chun freastal ar speansais laethúla agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais airgeadais, rud a d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha a chruthú amhail géilleadh le linn cor chun donais ar an margadh nó pionóis i leith géilleadh luath lena n-íslítear an luach a fhaigheann tomhaltóirí.

Ionchas: Ag méadú, toisc go leanann an treocht sin na treochtaí maicreacnamaíocha atá ann faoi láthair, lena n-áirítear méadú ard ar bhoilsciú.

## 2. SAINCHEISTEANNA LEANÚNACHA SNA MARGAÍ IBIPANNA MÉADAITHE AG TREOCHTAÍ MAICREACNAMAÍOCHA ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR

a. Tá cásanna de dhrochdhearadh táirgí agus imní fós maidir le roinnt táirgí aonad-nasctha a thairgeann drochluach ar airgead.

b. Tá mídhíol IBIPanna mar gheall ar choinbhleachtaí leasa agus ar choimisiúin arda fós ina shaincheist a thuairiscítear i roinnt Ballstát agus creideann tomhaltóirí go bhfuil sé deacair comhairle neamhchlaonta a fháil.
c. Is measa fós na hábhair imní sin mar gheall ar an gcor chun donais ar an margadh agus mar gheall ar an timpeallacht bhoilscithe atá ann faoi láthair, go deimhin, cé go bhfuil na costais cobhsaí i gcónaí, féadfaidh (fíor)thorthaí a bheith íseal/diúltach, rud a dhéanann difear don luach a chuireann na táirgí sin ar fáil do thomhaltóirí.

Dearcadh: ag méadú, cé gur tuairiscíodh saincheisteanna maidir le IBIPanna le roinnt blianta anuas, bíonn iarmhairt ag suaitheadh sa mhargadh agus boilsciú, fad a bhíonn na costais cobhsaí, ar fhíorthorthaí táirgí.

## 3. MÉADÚ AR AN ÉILEAMH ATÁ AG TOMHALTÓIRÍ AR IBIPANNA AGUS AR THÁIRGÍ PINSIN A BHFUIL GNÉITHE A BHAINEANN LEIS AN INBHUANAITHEACHT AG BAINT LEO

a. Tá méadú leanúnach ag teacht ar mhianta tomhaltóirí maidir le hinfheistíochtaí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht. D’fhonn freastal ar an méadú sin ar éileamh, tá a dtairiscintí curtha in oiriúint ag soláthraithe árachais agus pinsin chun táirgí a bhfuil gnéithe inbhuanaitheachta ag baint leo a mholadh níos mó agus níos mó.
b. De réir mar a mhéadaíonn tairiscintí inbhuanaithe, méadaítear an chumarsáid agus an mhargaíocht ina leith. Tagann saincheisteanna chun cinn nuair atá na héilimh sin míthreorach nó gan bhunús, rud a fhágann go dtiocfaidh snas glas chun cinn.

Ionchas: ag méadú, táthar ag súil go leanfaidh an méadú ar éileamh ar tháirgí a bhfuil gnéithe a bhaineann le hinbhuanaitheacht.

## 4. MÉADÚ AR AN MBEARNA CHOSANTA ÁRACHAIS

a. Tá tubaistí nádúrtha, cibirionsaithe, paindéimí agus teagmhais shistéamacha eile ag tarlú níos mó le blianta beaga anuas. Is féidir leis an gcumhdach árachais iomchuí a bheith thar a bheith luachmhar toisc go gceadaítear leis cúiteamh a thabhairt do thomhaltóirí agus do FBManna i gcás ina dtiocfaidh teagmhais den sórt sin chun cinn. Mar sin féin, de réir mar a éiríonn na rioscaí sin níos minice, tá ceisteanna ann maidir le cé acu atá siad inárachaithe nó nach bhfuil.
b. Is minic nach gcumhdaítear tomhaltóirí agus FBManna an Aontais i gcás teagmhais shistéamacha, mar shampla in 2019 ní raibh árachas ach ag 35 % de na caillteanais iomlána a tharla de bharr adhaimsire agus teagmhais a bhaineann leis an aeráid ar fud na hEorpa, d’fhéadfadh méadú teacht ar na bearnaí sin.

c. De réir shuirbhé Eorabharaiméadair ar fud an Aontais, tá líon mór tomhaltóirí agus FBManna den tuairim nach mbeidís in ann turraingí éagsúla a sheasamh.

Ionchas: Ag méadú, cé gur saincheist í an bhearna chosanta árachais le blianta beaga anuas, tá béim curtha uirthi ag teagmhais a tharla le déanaí.

## 5. EASPA SOILÉIREACHTA I DTÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA POLASAITHE ÁRACHAIS, GO HÁIRITHE MAIDIR LE HEISIAIMH

a. Tá easpa soiléireachta maidir le téarmaí agus coinníollacha, go háirithe maidir le heisiaimh, fós ina saincheist agus ina cúis le tuilleadh dochair don tomhaltóir nuair a thagann teagmhais shistéamacha chun cinn, rud a tharraingíonn aird ar cheisteanna agus amhras maidir le méid an chumhdaigh.
b. Baineann gearáin a fhaigheann údaráis inniúla náisiúnta go mór le doiciméadacht dhoiléir nó chasta, go háirithe maidir le téarmaí agus coinníollacha a fhágann go bhfuil an cumhdach agus na heisiaimh doiléir do thomhaltóirí. Thug údaráis inniúla náisiúnta dá n-aire freisin bearnaí sa litearthacht airgeadais a chuireann bac ar thuiscint tomhaltóirí ar a mbeartais nó ar bheartais den sórt sin a bheith ann.

Ionchas: Cobhsaí, aithníodh na saincheisteanna sin cheana féin le blianta beaga anuas.

## 6. DIGITIÚ AGUS TEICNEOLAÍOCHT

a. Thuairiscigh na húdaráis inniúla náisiúnta tionscnaimh dhigiteacha iomadúla ar fud mhargaí árachais agus pinsin an Aontais agus tá an phaindéim ag feidhmiú mar chatalaíoch chun próisis éagsúla árachais agus pinsin a dhigitiú tuilleadh.
b. Le digitiú níos fearr a dhéanamh ar earnáil na bpinsean, d'fhéadfaí cabhrú leis na glúnta óga a mhealladh chun suim a chur ina bpinsean agus ní fheicfí é mar imeacht imeallach, rud a d'áiritheodh go mbeadh coigilt á déanamh ag glúnta nua dá dtréimhse scoir.
c. Le digitiú níos fearr, is féidir feabhas a chur ar phróisis (e.g. láimhseáil éileamh) agus costais níos ísle in earnáil an árachais chomh maith le rioscaí árachaithe a d'fhéadfadh a bheith neamh-inárachaithe roimhe sin.
d. Mar sin féin, tá roinnt rioscaí ann amhail baill nach bhfuil chomh teicniúil céanna a eisiamh ó phróisis atá ag éirí níos digitithe, imní maidir le cosaint sonraí agus saincheisteanna príobháideachais agus cleachtais frithgheallta idirdhealaitheacha fhéideartha.

Ionchas: Ag méadú, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú breise ar dhigitiú an phróisis a bhaineann le hárachas agus pinsin.

**ÚEÁPC**

Westhafen Tower, Westhafenplatz 1
60327 Frankfurt – An Ghearmáin
Teil. + 49 69-951119-20
info@eiopa.europa.eu
https://www.eiopa.europa.eu